

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

**BP-26-021**

## **Miontuairiscí Cruinnithe Boidr Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)**

**Dáta:** 25 Feabhra 2026

**Am:** 4:00 pm

**Ionad:** Ceannoifig BOOÁCDL agus MS Teams

### **I láthair:**

Brigid Manton, Charlotte O'Donovan, Claire McGing, Colm Kilgallon, An Comhairleoir Angela Donnelly, An Comhairleoir Dean Mulligan, An Comhairleoir Jacqueline Burke, An Comhairleoir John Walsh, An Comhairleoir Michael Clark, An Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), An Comhairleoir Pamela Kearns, An Comhairleoir Thomas Joseph, An Comhairleoir Yvonne Collins, Dara Fitzpatrick, David O'Connell, Ken Farrell, Sarah Widaa, Wayne Carey.

**Leithscéalta:** Nichola Spokes, Comhairleoir Eimear Carbone Mangan

**As láthair:** An Comhairleoir Ted Leddy

### **I láthair:**

Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Joanne McCloskey, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Maja Eisenbart, Rialachas; Mairead Walsh, Ceann na Cistíochta; Ross Lynam, Ceann na bhFoirgneamh agus na dTionscadal Caipitil.

### **Cáipéisíocht:**

Uaslódáilte go Leictreonach

### **Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach, An Clr Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcuinniú.

#### **1. Leithscéalta/Comhbhrón**

Tugadh faoi deara leithscéalta ó Nichola Spokes agus ón gComhairleoir Eimear Carbone Mangan. Rinneadh comhbhrón le teaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ó bhí an cruinniú deiridh ann.

#### **2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa**

Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

#### **3. Nithe atá le Réiteach ag an mBord**

##### **3.1 Miontuairiscí**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a tionóladh ar an 17 Samhain 2025.

**Molta ag:** An Clr. Michael Clark, **Duine a thacaigh leis:** Dara Fitzpatrick

### 3.2 Ceapacháin Chomhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta

- Ag lorg ainmniúcháin amháin d'Ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Scoil Phobail Chúil Mhín. Chuir Sarah Widaa í féin ar fáil.

**Molta ag:** David O'Connell **Tacaithe ag:** Pamela Kearns

- Ceapachán Walter Doolin mar Ainmní de chuid an Ard-Easpaig ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín

**Molta ag:** Mick Duff **Tacaithe ag:** Pamela Kearns

- Ceapachán John Gilmore mar ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín

**Molta ag:** David O'Connell **Tacaithe ag:** Mick Duff

### 3.3 Plean Seirbhíse 2026

Chuir Stiúrthóir FET, Stiúrthóir Scoileanna agus Stiúrthóir OSD forbhreathnú ar tháirgí insoláthartha Phlean Seirbhíse 2026 i láthair. Thug Ceann an Chisteáin forbhreathnú ar chaiteachas buiséadaithe 2026. D'fhaomh an Coiste Airgeadais Plean Seirbhíse 2026 le linn a gcruinnithe ar an 18 Feabhra. D'fhaomh an Bord Plean Seirbhíse BOOÁCDL 2026. Cuirfear an plean seirbhíse faoi bhráid na Roinne Oideachais roimh spriocdháta aighneachta an 1 Márta.

**Molta ag:** An Comhairleoir Michael Clarke, **Tacaithe ag:** Ken Farrell

## 4. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord

### 4.1 Miontuairiscí Chruinniú an Choiste um Obair don Aos Óg – Tugtha ar aird

### 4.2 Miontuairiscí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca – Iarchurtha chuig cruinniú mhí an Mhárta.

### 4.3 Miontuairiscí an Choiste Airgeadais – Iarchurtha chuig cruinniú mhí an Mhárta.

### 4.4 Coistí an Bhoird – Tugtha ar aird

### 4.5 Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin - Tugtha ar aird

### 4.6 Ionaid Dhá Fheidhm agus Maoiniú

Thug an Príomhfheidhmeannach nuashonrú ar mhaoiniú 2026 de na hionaid dhéchuspóireacha, ag cur in iúl don Bhord go bhfuil an scéal fós ar siúl. Tá cumarsáid ar siúl le Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus an Roinn Oideachais agus Óige agus tá nuashonruithe níos foirmiúla beartaithe don chruinniú i mí an Mhárta.

### 4.7 Nuashonrú ar Scoileanna Speisialta

Tugadh eolas don Bhord faoi chumas dhá scoil speisialta nua agus leathnú na scoileanna speisialta atá ann cheana féin laistigh den BOOÁCDL do Mheán Fómhair 2026 mar atá molta an Roinn Oideachais agus Óige. Aithníodh go bhfuil gá le leathnú na scoileanna speisialta, ach d'ardaigh comhaltaí an Bhoird inné maidir le ganntanas foirne sna scoileanna speisialta reatha mar aon le gá le hacmhainní breise sa Cheannoifig. Leanann BOOÁCDL ag obair leis an CNOS maidir le ganntanas CRSanna i roinnt scoileanna. D'aontaigh an Bord go n-ullmhóidh Pobalscoil Speisialta Bhéal Maighne chomh maith le Pobalscoil Speisialta Leamhcáin tuairisc ar an bhfoireann do chruinniú Bhord an Mháirta. Léirigh baill an Bhoird inné go bhfuil ár scoileanna speisialta faoi ghannacmhainn faoi láthair bunaithe ar riachtanais na scoláirí. Chuir comhaltaí an bhoird in iúl freisin go raibh gá le dara scoil speisialta i mBaile Átha Cliath 15.

Phléigh comhaltaí an bhoird an clúdach le déanaí ar an laghdú atá beartaithe ar líon na CRS i scoileanna náisiúnta pobail. Ní raibh tionchar ag an bhfógra seo ar aon scoileanna BOOÁCDL.

#### **4.8 Marc Coinnigh Folláin CGFÉ**

Thug Paul Turner eolas don Bhord faoin ngradam Marc Coinnigh Folláin CGFÉ a fuair BOOÁCDL le déanaí as sáriarrachtaí maidir le folláine foirne. Cuireadh in iúl don Bhord go bhfanfaidh creidiúnú CGFÉ bailí ar feadh 2 bhliain agus go ndéanfar athiniúchadh ar BOOÁCDL ina dhiaidh sin.

### **5 Nithe a Chuir an Fheidhmeannas Isteach**

#### **5.1 Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach**

Scaipeadh tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Stiúrthóra i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus cuireadh i láthair an bhoird ó bhéal iad.

#### **5.2 Tuarascáil Airgeadais**

Scaipeadh tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus tugadh faoi deara í. Chuir Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird. Pléadh leithdháileadh maoinithe FET 2026 agus aontaíodh cás a chur faoi bhráid SOLAS le haghaidh maoiniú breise.

Tugadh an t-eolas is deireanaí do chomhaltaí an Bhoird faoin bhfógra le déanaí maidir le STAG ag dul faoi leachtú toilteanach. Tá BOOÁCDL ag cur cúnamh ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá buailte faoi láthair.

#### **5.3 Tuarascáil Foirgneamh**

Scaipeadh an tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord ar aird í.

Chuir Ross Lynam an tuarascáil faoi bhráid an Bhoird.

Léiríodh inné maidir le briseadh leictreachais leanúnach i bhfoirgnimh réamhdhéanta Choláiste Pobail Naomh Caoimhín. Cuireadh doiciméid agus comhfhreagras ábhartha faoi bhráid na Roinne oideachais agus Óige chun aonaid athsholáthair a dhaingniú.

Ardaíodh ceist maidir leis an iarratas ar fhoirgneamh nua i bPobalscoil Chúil Mhín. Cuireadh litir tacaíochta ó BOOÁCDL faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Óige roinnt míonna ó shin.

Cuireadh nuashonrú ar fáil maidir le hoibreacha leictreacha a bhí ag teastáil i gColáiste Pobail Naomh MacDara. Tá sé curtha in iúl ag Ross Lynam don Bhord go bhfuil iarratas ar oibreacha éigeandála á fhorbairt don obair sin.

1 Geata Thuain  
Cearnóg Belgard Thoir  
Tamhlacht, BÁC 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
eolas@booacdl.ie  
www.ddletb.ie

1 Tuansgate  
Belgard Square East  
Tallaght, Dublin 24  
D24X62W

+353 (01) 4529600  
info@ddletb.ie  
www.ddletb.ie

Tá nuashonrú curtha ar fáil ag Ross Lynam maidir le Scoil an Ospidéal Phobail Náisiúnta Athshlánaithe ag cur in iúl don Bhord go bhfuil plé ar siúl idir BOOÁCDL agus an t-ospidéal chun freastal níos fearr ar riachtanais na scoile.

Tá iarratas ar oibreacha éigeandála curtha isteach do Choláiste Pobail Chaisleán Cnucha chun dhá chuid den díon a dheisiú.

#### 5.4 Próifíl Foirne

Ceapacháin agus arduithe céime; scoir - tugtha ar aird

#### 5.5 Beartais - tugtha ar aird

Clár Riosca – tugtha ar aird

Tá eolas tugtha ag Stiúrthóir TFE don Bhord faoi na mionathruithe a rinneadh ar an gclár riosca ó bhí cruinniú Bhord na Samhna ann. Tá IS curtha leis an gClár Rioscaí anois. Tá bogearraí ceadúnaithe nua Microsoft á gcur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí cibearshlándála atá ag fás.

### 6 Nithe a Chuir an Bord isteach

#### 6.1 Ag lorg tuilleadh soiléirithe ar na hoibreacha éigeandála do Choláiste Pobail Chaisleán Cnucha

Léiríodh imní maidir leis na hoibreacha éigeandála atá fós le déanamh i gColáiste Pobail Chaisleán Cnucha agus an damáiste do sheomraí ranga éagsúla a ardaíonn imní Sláinte agus Sábháilteachta. D’admhaigh Ross Lynam na hábhair imní seo agus chuir sé in iúl don Bhord go bhfuil go leor iarratas ar oibreacha éigeandála curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais. Cuireadh in iúl don Bhord go ndéanfar an cheist seo a ardú tuilleadh.

### 7. Dáta an Chéad Chruinnithe Eile

25 Márta 2026 ag 4:30pm